Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2023
(OR. en)

9749/23

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2022/0407(CNS)**
**2022/0409(CNS)**
**2022/0410(NLE)**

**FISC 100**
**ECOFIN 466**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An pacáiste maidir le CBL sa Ré Dhigiteach<br>- Díospóireacht bheartais |

Chun treoir a thabhairt don díospóireacht bheartais a bheidh ar siúl le linn na Comhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) an 16 Meitheamh 2023, d'ullmhaigh an Uachtaránacht nóta ina bhfuil ceisteanna, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn thíos.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta agus na ceisteanna ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh na díospóireachta beartais thuasluaite.

Iarrtar ar an gComhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) díospóireacht bheartais a thionól bunaithe ar na ceisteanna a d'ullmhaigh an Uachtaránacht.

**CBL sa RÉ DHIGITEACH**

**Nóta ón Uachtaránacht**

## I. RÉAMHRÁ

1. An 8 Nollaig 2022, thíolaic an Coimisiún pacáiste dar teideal 'CBL sa Ré Dhigiteach', ina bhfuil trí thogra:

- togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach (an Treoir leasaitheach)[1];
- togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach (an rialachán leasaitheach)[2]; agus
- togra le haghaidh Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL (an rialachán leasaitheach cur chun feidhme)[3].

2. Saothraítear leis na trí thogra na cuspóirí seo a leanas:

(a) féachann siad na hoibleagáidí tuairiscithe a nuachóiriú chun críocha CBL tríd an bhfaisnéis nach mór do dhaoine inchánach a chur isteach maidir le gach idirbheart a chaighdeánú agus trí úsáid an ríomhshonrasctha a fhorchur d'idirbhearta trasteorann rud a chuideodh le calaois chánach a chomhrac (ceanglais tuairiscithe dhigitigh);

(b) féachann siad le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin gheilleagar na n-ardán trí fheabhas a chur ar ról na n-ardán i mbailiú CBL i gcás ina n-éascaíonn na hardáin sin soláthar seirbhísí cóiríochta gearrthéarma ar cíos nó seirbhísí iompair do phaisinéirí (an geilleagar ardán); agus

[1] 15841/22.
[2] 15842/22.
[3] 15843/22.

(c) tacaíonn siad leis an aidhm an gá atá le clárú chun críocha CBL i roinnt Ballstát a laghdú, trí fheidhmiú na gcóras ionad ilfhreastail atá ann cheana agus sásraí aistrithe táillí a fheabhsú agus a leathnú (clárú aonair CBL).

3. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim ar an bpacáiste an 3 Márta 2023[4]. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim ar an bpacáiste an 27 Aibreán 2023[5]. Chuathas i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa; tá tuairim ar an bpacáiste fós ar feitheamh.

## II. AN OBAIR I gCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

4. An 12 Nollaig 2022, chuir an Coimisiún a thograí faoi bhráid na Meithle um Cheisteanna Cánach (WPTQ) faoi Uachtaránacht na Seicia, áit ar dhíol sásaimh do na toscaireachtaí i gcoitinne iad.

5. Tar éis cruinnithe WPTQ ina raibh seisiún tuairimíochta leathan maidir leis na haidhmeanna agus na treoracha a mhol an Coimisiún chun an láimhseáil a dhéanfar amach anseo ar an bpacáiste sa WPTQ a threorú, lean Uachtaránacht na Sualainne ar aghaidh le plé cuimsitheach ar gach ceann de na sraitheanna thíos.

a) <u>Ceanglais tuairiscithe dhigitigh</u>

6. Is é a mhol an Coimisiún go n-aistreofaí go córas tuairiscithe lándigitithe éigeantach ‘idirbheart ar idirbheart’ i gcás na n-idirbheart a dhéantar laistigh den Aontas in 2028. Chun tacú leis sin, bheadh ar na Ballstáit aistriú go córas ríomhshonrasctha, an córas réamhshocraithe as sin amach, a bheadh bunaithe ar chaighdeán Eorpach, le haghaidh eisiúint sonrasc. Dhéanfaí sonraí maidir le hidirbhearta laistigh den Aontas a bhaintear as na ríomhshonraisc a tharchur chuig bunachar sonraí de chuid an Aontais (an lárchóras malartaithe faisnéise CBL nó ‘an VIES lárnach’) chun gur féidir tuairisciú agus rialuithe a dhéanamh. Bheadh sé de rogha ag na Ballstáit freisin aistriú chuig córas tuairiscithe dhigitigh le haghaidh idirbhearta intíre.

---

[4] 7071/23.

[5] Tuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, *VAT in the Digital Age* [CBL sa Ré Dhigiteach], ECO/606, https://webapi2016.eesc.europa.eu/v1/documents/P6FJPSUHKDC2-1879354131-3598/download

7. Tugadh soiléiriú ar na ceanglais tuairiscithe dhigitigh a moladh sa phacáiste i roinnt cruinnithe WPTQ. Go háirithe, chaith na toscaireachtaí am chun tuiscint níos fearr a fháil ar roinnt príomhchoincheapa faoi na córais atá beartaithe, mar shampla ríomhshonraisc struchtúrtha, an caighdeán Eorpach maidir le sonrascadh a úsáidtear don soláthar poiblí faoi Threoir 2014/55/AE[6], agus sonraisc a imréiteach agus a bhailíochtú. Rinne siad scrúdú freisin ar fheidhmiú beartaithe an VIES lárnaigh agus ar na himpleachtaí a bheadh aige maidir le comhroinnt agus cosaint sonraí.

8. Rinne an WPTQ anailís ar aistriú na gcoincheap agus na nósanna imeachta sin isteach i dtéacs dlíthiúil na Treorach leasaithí agus an Rialacháin leasaithigh. Cuireadh go leor ceisteanna maidir leis na spriocdhátaí chun an córas nua a chur chun feidhme, go sonrach an mbeadh dóthain ama ann chun na córais TF is infheidhme a oiriúnú.

9. Tá comhaontú ginearálta ann maidir le córas tuairiscithe dhigitigh a thógáil san Aontas bunaithe ar an ríomhshonrascadh, agus maidir leis an ngá atá le foráil a dhéanamh maidir le creat le haghaidh córas tuairiscithe intíre roghnach, ach ní mór tuilleadh oibre a dhéanamh ar na módúlachtaí mionsonraithe a bhaineann leis an ríomhshonrascadh agus tuairisciú digiteach.

10. Ar bhonn an phlé a rinneadh sa WPTQ, thíolaic an Uachtaránacht téacs comhréitigh maidir leis na gnéithe is tábhachtaí den chóras nua, i.e. na ríomhshonraisc agus na ceanglais tuairiscithe dhigitigh.

b) <u>An geilleagar ardán</u>

11. Leis na tograí 'CBL sa Ré Dhigiteach' féachtar le cur chuige coiteann simplithe a áirithiú maidir le cáin a ghearradh ar an ngeilleagar ardán agus cothrom iomaíochta a chruthú chun críocha CBL idir soláthróirí traidisiúnta seirbhísí cóiríochta gearrthéarma ar cíos nó seirbhísí iompair do phaisinéirí agus soláthróirí a oibríonn trí ardáin. Chun é sin a bhaint amach, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún aistriú chuig samhail 'soláthróir measta' le haghaidh na seirbhísí sin. Go simplí, i gcás nach ngearrfadh soláthraí atá ag oibriú trí ardán CBL (e.g. toisc gur fiontar beag díolmhaithe é), ghearrfadh an t-ardán é.

---

[6] Treoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ríomhshonrascadh i gcás an tsoláthair phoiblí (IO L 133, 6.5.2014, lch. 1).

12. Ag na cruinnithe den WPTQ a bhí dírithe ar an gcuid seo den phacáiste, bhí an deis ag toscaireachtaí scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar na cúiseanna leis an ngníomhaíocht sin agus ar an réasúnaíocht is bun leis an réiteach 'soláthróir measta'. Rinneadh mionscrúdú ar an téacs dlíthiúil, lena n-áirítear an sainmhíniú ar chóiríocht ghearrthéarma ar cíos agus a impleachtaí do na forálacha eile sa Treoir maidir le CBL.

13. Agus barúlacha na dtoscaireachtaí á gcur san áireamh, lean Uachtaránacht na Sualainne ar aghaidh le tíolacadh an téacs comhréitigh i gcás na n-airteagal a bhaineann leis an ngeilleagar ardán sa Treoir leasaitheach agus sa Rialachán Cur Chun Feidhme leasaitheach, lena simplítear agus lena dteorannaítear raon feidhme na forála 'soláthróir measta' agus lena n-athraítear an sainmhíniú ar chóiríocht ghearrthéarma ar cíos. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí, tríd is tríd, an téacs, a mheas siad a bheith ina bhonn láidir d'obair bhreise, cé go gcaithfear tuilleadh oibre a dhéanamh ar na módúlachtaí agus maidir leis an ngá le sainmhíniú comhchuibhithe nó raon feidhme an tsainmhínithe ar chóiríocht ghearrthéarma ar cíos.

c) <u>Clárú aonair CBL</u>

14. A mhéid a bhaineann leis an tríú cuspóir, tá réimse feabhsuithe i bpacáiste an Choimisiúin ar an gcóras a cuireadh i bhfeidhm leis an bpacáiste ríomhthráchtála CBL le blianta beaga anuas, ar thaobh amháin, agus sraith gnéithe nua lena laghdófaí líon na n-oibríochtaí a mbíonn gá le cláruithe CBL ina leith i níos mó ná Ballstát amháin.

15. Rinneadh staidéar ar na feabhsuithe agus ar na gnéithe nua, ceann ar cheann, ag cruinnithe an WPTQ. Go ginearálta, bhí tuairim dhearfach ag na toscaireachtaí ar na feabhsuithe atá beartaithe, agus cé gur dhíol sásaimh dóibh, don chuid is mó, na gnéithe nua, cuireadh líon beag ábhar imní in iúl.

16. Pléadh na hábhair seo go háirithe:

- d'fhéadfaí brath ar go leor tacaíochta dá leathnófaí an t-ionad ilfhreastail CBL san Aontas go soláthairtí earraí intíre idir gnólachtaí agus tomhaltóirí;
- tríd is tríd, ba dhíol sásaimh é gur cuireadh modúl leis an ionad ilfhreastail sin lena dtabharfaí aghaidh ar aistriú earraí dílse;
- thacaigh formhór na dtoscaireachtaí, ach athruithe áirithe a bheith déanta air, leis an sásra aistrithe táillí éigeantach do sholáthairtí gnólacht le gnólacht i gcásanna nach bhfuil an soláthróir bunaithe chun críocha CBL sa Bhallstát ina bhfuil an CBL sin dlite;

- cuireadh an cheist arb ann don acmhainneacht chun ionad ilfhreastail allmhairiúcháin éigeantach le haghaidh comhéadain leictreonacha a fhorfheidhmiú, agus measadh go gcaithfear breathnú air i gcomhthéacs na n-athruithe atá beartaithe ar Chód Custaim an Aontais;
- agus i gcásanna áirithe rinne go leor Ballstát gearán faoi shíneadh na forála maidir le soláthróir measta.

17. Bunaithe ar an scrúdú críochnúil a rinneadh ar na hairteagail sna tograí éagsúla a bhaineann leis na hábhair thuasluaite, thíolaic an Uachtaránacht téacs comhréitigh maidir leis na hairteagail sin chun ábhair imní agus moltaí na dtoscaireachtaí a réiteach. Mheas na toscaireachtaí gur céim sa treo ceart a bhí ann.

## III. CEISTEANNA LE CUR AR NA hAIRÍ

18. Chun an móiminteam don chomhad tábhachtach seo a chothú, is mian leis an Uachtaránacht — agus í ag tabhairt dá haire go bhfuil go leor oibre teicniúla agus forchoimeádas fós ann — treoir pholaitiúil a lorg maidir le roinnt saincheisteanna lárnacha. Dá bhrí sin, iarrtar ar airí Ecofin a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na ceisteanna seo a leanas d'fhonn an obair a dhéanfar amach anseo a bhaint amach:

1) *Maidir leis an aistriú chuig teicneolaíochtaí nua mar shampla an ríomhshonrascadh agus an tuairisciú digiteach, lena n-áirítear comhrac na calaoise cánach, an aontaíonn na hairí gur gá aghaidh a thabhairt ar ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh agus foráil a dhéanamh maidir le creat comhsheasmhach tuairiscithe bunaithe ar an ríomhshonrascadh i gcás idirbhearta laistigh den Aontas agus idirbhearta intíre?*

2) *An aontaíonn na hairí gur cheart ról feabhsaithe a bheith ag ardáin i mbailiú CBL in earnálacha na cóiríochta gearrthéarma agus an iompair paisinéirí ar mhaithe le cúrsaí a dhéanamh níos simplí, feabhas a chur ar an gcomhlíonadh agus ar an gcothrom iomaíochta?*

3) *An aontaíonn na hairí gur cheart coincheap an ionaid ilfhreastail agus an sásra aistrithe táillí a fheabhsú ionas nach mbeidh ar ghnólachtaí a oibríonn sa mhargadh inmheánach clárú iolrach CBL a dhéanamh?*

---